Parlaimint na hEorpa
2024-2029

an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2025/0542(COD)

19.5.2026

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas don tslándáil inmheánach le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2034
(COM(2025)0542 – C10-178/2025 – 2025/0542(COD))

an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir don tuairim: Assita Kanko

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 21

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas don tslándáil inmheánach le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2034
(COM(2025)0542 – C10-178/2025 – 2025/0542(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0542),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus Airteagal 82(1), Airteagal 84 agus Airteagal 87(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-178/2025),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don mheasúnú buiséadach ón gCoiste um Buiséid,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 19 Feabhra 2026[1],

– ag féachaint do Riail 60 agus do Riail 58 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A10-0000/2026),

1. Ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 3

[1] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Leis an Rialachán seo, leagtar síos cuspóirí na tacaíochta ón Aontas. Chun gur féidir ardleibhéal slándála a bhaint amach ar fud an Aontais ar an mbealach is fearr is féidir, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go dtugtar aghaidh ina bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí ar gach ceann de na cuspóirí a leagtar amach sa Rialachán seo.	(3) Leis an Rialachán seo, leagtar síos cuspóirí na tacaíochta ón Aontas ***don tslándáil inmheánach***. Chun gur féidir ardleibhéal slándála a bhaint amach ar fud an Aontais ar an mbealach is fearr is féidir, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go dtugtar aghaidh ina bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí ar gach ceann de na cuspóirí a leagtar amach sa Rialachán seo.
	Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) I bhfianaise bagairtí slándála agus na timpeallachta geopholaitiúla atá ag athrú go tapa, shainigh an Coimisiún na tosaíochtaí coiteanna le haghaidh Eoraip níos sábháilte agus níos sláine sa ‘Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach’[6]. Tá athrú nach beag tagtha ar an gcomhthéacs geopholaitiúil san Eoraip, agus tá tionchar ollmhór aige ar idirnascthacht shlándáil inmheánach agus sheachtrach an Aontais. Tá bagairtí slándála ag éirí níos domhanda agus níos casta, rud a eascraíonn as cumas coirpeach oibriú thar theorainneacha, leas a bhaint as éagothromaíochtaí sóisialta agus eacnamaíocha, agus dul i ngleic leis an saol fisiciúil agus an saol digiteach. An tráth céanna, le teicneolaíochtaí digiteacha nua agus leis an intleacht shaorga, cuirtear deiseanna nach beag ar fáil chun cumais forfheidhmithe dlí a fheabhsú agus chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar bhagairtí atá ag athrú go tapa.	(6) I bhfianaise bagairtí slándála agus na timpeallachta geopholaitiúla atá ag athrú go tapa, shainigh an Coimisiún na tosaíochtaí coiteanna le haghaidh Eoraip níos sábháilte agus níos sláine sa ‘Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach’[6]. Tá athrú nach beag tagtha ar an gcomhthéacs geopholaitiúil san Eoraip ***le blianta beaga anuas***, agus tá tionchar ollmhór aige ar idirnascthacht ***dhúshláin*** shlándáil inmheánach agus sheachtrach an Aontais. Tá bagairtí slándála ag éirí níos domhanda agus níos casta, rud a eascraíonn as cumas coirpeach oibriú thar theorainneacha, leas a bhaint as éagothromaíochtaí sóisialta agus eacnamaíocha, agus dul i ngleic leis an saol fisiciúil agus an saol digiteach. An tráth céanna, le teicneolaíochtaí digiteacha nua agus leis an intleacht shaorga, cuirtear deiseanna nach beag ar fáil chun cumais forfheidhmithe dlí a fheabhsú agus chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar bhagairtí atá ag athrú go tapa.

[6] Teachtaireacht COM (2025) 148 final ón

[6] Teachtaireacht COM (2025) 148 final ón

gCoimisiún an 1.4.2025 chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le ProtectEU: Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach.

gCoimisiún an 1.4.2025 chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le ProtectEU: Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach.

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Is í an tslándáil an bhunchloch ar a bhfuil ár saoirsí uile tógtha agus tá cumas na mBallstát an tslándáil a ráthú ***do na*** saoránaigh ag brath ar chur chuige aontaithe Eorpach. Mar a leagtar amach sa straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach, ní mór breithnithe slándála a chomhtháthú agus a phríomhshruthú i reachtaíocht, beartais agus cláir uile an Aontais, lena n-áirítear gníomhaíochtaí seachtracha an Aontais. Ba cheart don tacaíocht ón Aontas faoin Rialachán seo rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar na breithnithe sin.	(9) Is í an tslándáil an bhunchloch ar a bhfuil ár saoirsí uile tógtha agus tá cumas na mBallstát an tslándáil a ráthú ***dá*** saoránaigh ***in Aontas nach bhfuil rialuithe teorann inmheánaí ann*** ag brath ar chur chuige aontaithe Eorpach***. Leis an tacaíocht ón Aontas, ba cheart bearta a chumhdach a chuidíonn le tabhairt isteach rialuithe sealadacha ag teorainneacha inmheánacha a sheachaint nó a chuidíonn le deireadh a chur leis na rialuithe sin***. Mar a leagtar amach sa straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach, ní mór breithnithe slándála a chomhtháthú agus a phríomhshruthú i reachtaíocht, beartais agus cláir uile an Aontais, lena n-áirítear gníomhaíochtaí seachtracha an Aontais. Ba cheart don tacaíocht ón Aontas faoin Rialachán seo rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar na breithnithe sin.

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Sna conclúidí uaithi an 26 Meitheamh 2025[7], mheabhraigh an	(10) Sna conclúidí uaithi an 26 Meitheamh 2025[7], mheabhraigh an

Chomhairle Eorpach gur bagairt mhór ar líne agus as líne araon do shaoránaigh na hEorpa agus do shlándáil na mBallstát atá sa choireacht thromchúiseach agus eagraithe, sa sceimhlitheoireacht, sa radacú agus san antoisceachas foréigneach. Leag an Chomhairle Eorpach béim freisin ar an mbagairt a bhaineann le hinsíothlú coiriúil ar struchtúir dhlíthiúila gnó a bhfuil tionchar díobhálach aige ar an airgeadas poiblí agus ar an Margadh Aonair. D'iarr an Chomhairle Eorpach ar Institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit na hacmhainní uile atá ar fáil ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a shlógadh agus gníomhaíocht bhreise a dhéanamh chun forfheidhmiú an dlí agus comhar breithiúnach a neartú, lena n-áirítear gníomhaíocht maidir le rochtain éifeachtach ar shonraí chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, gníomhaíocht chun malartú faisnéise a áirithiú, agus gníomhaíocht trí chomhar le tríú tíortha.

[7] Conclúidí ón gComhairle, EUCO 12/25 an 26 Meitheamh 2025.

Chomhairle Eorpach gur bagairt mhór ar líne agus as líne araon do shaoránaigh na hEorpa agus do shlándáil na mBallstát atá sa choireacht thromchúiseach agus eagraithe, sa sceimhlitheoireacht, sa radacú agus san antoisceachas foréigneach. Leag an Chomhairle Eorpach béim freisin ar an mbagairt a bhaineann le hinsíothlú coiriúil ar struchtúir dhlíthiúila gnó a bhfuil tionchar díobhálach aige ar an airgeadas poiblí agus ar an Margadh Aonair. D'iarr an Chomhairle Eorpach ar Institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit na hacmhainní uile atá ar fáil ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a shlógadh agus gníomhaíocht bhreise a dhéanamh chun forfheidhmiú an dlí agus comhar breithiúnach a neartú, lena n-áirítear gníomhaíocht maidir le rochtain éifeachtach ar shonraí chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, gníomhaíocht chun malartú faisnéise a áirithiú, agus gníomhaíocht trí chomhar le tríú tíortha.

[7] Conclúidí ón gComhairle, EUCO 12/25 an 26 Meitheamh 2025.

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) Chun bagairtí slándála inmheánaí a chosc agus a chomhrac, ba cheart, ***leis an*** tacaíocht ón Aontas, na nithe seo a leanas a neartú: cumais na mBallstát chun an choireacht thromchúiseach agus eagraithe, an sceimhlitheoireacht, an t-antoisceachas foréigneach agus an radacú, mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus an chibearchoireacht a chosc agus a chomhrac, gníomhaíochtaí na mBallstát lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin	(11) Chun bagairtí slándála inmheánaí a chosc agus a chomhrac, ba cheart, ***le*** tacaíocht ón Aontas, na nithe seo a leanas a neartú: cumais na mBallstát chun an choireacht thromchúiseach agus eagraithe, an sceimhlitheoireacht, an t-antoisceachas foréigneach agus an radacú, mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus an chibearchoireacht a chosc agus a chomhrac, gníomhaíochtaí na mBallstát lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin

dhigiteacha agus theicneolaíocha slándála, athléimneacht ***bagairtí*** bonneagair chriticiúil ar líne, bagairtí slándála sa réimse muirí, an gháinneáil ar dhaoine, smuigleáil imirceach, an gháinneáil ar dhrugaí aindleathacha, an gháinneáil ar airm, sciúradh airgid, aisghabháil sócmhainní agus coireacht airgeadais, coireacht chomhshaoil, góchumadh modhanna íocaíochta agus coireanna a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, gníomhaíochtaí na mBallstát lena dtugtar cúnamh agus cosaint d'íospartaigh na coireachta, gníomhaíochtaí na mBallstát lena ndéantar spásanna poiblí a chosaint, agus lena dtugtar aghaidh ar bhagairtí slándála a bhaineann le CBRN-E agus lena ndéantar teagmhais a bhainistiú, agus ba cheart na nithe sin a neartú, mar shampla, trí chomhar agus malartú faisnéise méadaithe idir údaráis phoiblí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, an tsochaí shibhialta agus comhpháirtithe príobháideacha i mBallstáit éagsúla. Leis an tacaíocht ón Aontas ba cheart rannchuidiú freisin leis na Ballstáit modhanna agus teicneolaíochtaí nuálacha a fháil agus a chur chun feidhme i réimse na slándála inmheánaí, go háirithe iad siúd a fhaigheann tacaíocht ó Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Iomaíochas agus Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear Clár Réime an Aontais um Thaighde. Ina theannta sin, i bhfianaise na timpeallachta polaitiúla domhanda atá ag athrú, tá an ghné sheachtrach den limistéar saoirse, slándála agus ceartais ríthábhachtach. Dá bhrí sin, leis an tacaíocht ón Aontas ba cheart rannchuidiú freisin leis an gcomhar agus leis an gcomhpháirtíocht le tríú tíortha a neartú, rud a rachadh chun leas bheartais inmheánacha an Aontais.

dhigiteacha agus theicneolaíocha slándála, athléimneacht bonneagair chriticiúil ***in aghaidh bagairtí*** ar líne, bagairtí slándála sa réimse muirí, an gháinneáil ar dhaoine, smuigleáil imirceach, an gháinneáil ar dhrugaí aindleathacha, an gháinneáil ar airm, sciúradh airgid, aisghabháil sócmhainní agus coireacht airgeadais, coireacht chomhshaoil, góchumadh modhanna íocaíochta agus coireanna a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, gníomhaíochtaí na mBallstát lena dtugtar cúnamh agus cosaint d'íospartaigh na coireachta, gníomhaíochtaí na mBallstát lena ndéantar spásanna poiblí a chosaint, agus lena dtugtar aghaidh ar bhagairtí slándála a bhaineann le CBRN-E agus lena ndéantar teagmhais a bhainistiú, agus ba cheart na nithe sin a neartú, mar shampla, trí chomhar agus malartú faisnéise méadaithe idir údaráis phoiblí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, an tsochaí shibhialta agus comhpháirtithe príobháideacha i mBallstáit éagsúla. Leis an tacaíocht ón Aontas ba cheart rannchuidiú freisin leis na Ballstáit modhanna agus teicneolaíochtaí nuálacha a fháil agus a chur chun feidhme i réimse na slándála inmheánaí, go háirithe iad siúd a fhaigheann tacaíocht ó Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Iomaíochas agus Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear Clár Réime an Aontais um Thaighde. Ina theannta sin, i bhfianaise na timpeallachta polaitiúla domhanda atá ag athrú, tá an ghné sheachtrach den limistéar saoirse, slándála agus ceartais ríthábhachtach. Dá bhrí sin, leis an tacaíocht ón Aontas ba cheart rannchuidiú freisin leis an gcomhar agus leis an gcomhpháirtíocht le tríú tíortha a neartú, rud a rachadh chun leas bheartais inmheánacha an Aontais.

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(11a) I dtimpeallacht slándála atá ag éirí níos casta agus níos conspóidí, tá speictream méadaitheach bagairtí hibrideacha os comhair an Aontais agus a Bhallstát, lena gcomhcheanglaítear modhanna traidisiúnta agus modhanna neamhthraidisiúnta, mar shampla sabaitéireacht, cibirionsaithe, feachtais bhréagaisnéise, cur isteach ar bhonneagar criticiúil agus ionstraimiú na himirce, a úsáideann gníomhaithe stáit agus neamhstáit go minic ar bhealach comhordaithe. Is é is aidhm do na bagairtí sin an bonn a bhaint ó mhuinín an phobail as institiúidí daonlathacha agus ó fheidhmiú éifeachtach sochaithe, agus d'fhéadfadh impleachtaí tromchúiseacha a bheith acu ar an tslándáil inmheánach. Is gá, dá bhrí sin, tacú le gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh bagairtí hibrideacha a chosc, a bhrath agus freagairt dóibh, feasacht staide a fheabhsú, athléimneacht eintiteas criticiúil agus údarás poiblí a neartú, agus comhar agus malartú faisnéise maidir le bagairtí hibrideacha idir údaráis inniúla ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát a fheabhsú.

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) Leis an tacaíocht ón Aontas ba cheart rannchuidiú le comhsheasmhacht, comhleanúnachas, sineirgí agus comhlántachtaí a áirithiú idir beartais	(12) Leis an tacaíocht ón Aontas ba cheart rannchuidiú le comhsheasmhacht, comhleanúnachas, sineirgí agus comhlántachtaí a áirithiú idir beartais

inmheánacha agus sheachtracha an Aontais, i gcomhréir le príomhshruthú na slándála. Sa chomhthéacs sin, leis an tacaíocht ón Aontas faoin Rialachán seo ba cheart go háirithe rannchuidiú leis an gcoireacht thromchúiseach agus eagraithe a chomhrac agus a chosc, lena n-áirítear an gháinneáil ar dhrugaí, an gháinneáil ar dhaoine, agus líonraí smuigleála coiriúla trasteorann. Féadfar a chuimsiú sa tacaíocht ón Aontas faoin Rialachán seo tacaíocht d'acmhainní ábhartha thoscaireachtaí an Aontais i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, agus féadfaidh sí a bheith comhordaithe idir na Ballstáit agus an Coimisiún ag céimeanna an chlársceidealaithe agus an chur chun feidhme.	inmheánacha agus sheachtracha an Aontais, i gcomhréir le príomhshruthú na slándála ***mar chuspóir ar fud chláir an Aontais***. Sa chomhthéacs sin, leis an tacaíocht ón Aontas faoin Rialachán seo ba cheart go háirithe rannchuidiú leis an gcoireacht thromchúiseach agus eagraithe a chomhrac agus a chosc, lena n-áirítear an gháinneáil ar dhrugaí, an gháinneáil ar dhaoine, agus líonraí smuigleála coiriúla trasteorann. Féadfar a chuimsiú sa tacaíocht ón Aontas faoin Rialachán seo tacaíocht d'acmhainní ábhartha thoscaireachtaí an Aontais i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, agus féadfaidh sí a bheith comhordaithe idir na Ballstáit agus an Coimisiún ag céimeanna an chlársceidealaithe agus an chur chun feidhme. Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 14 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(14a) Sa bhreis ar na doiciméid agus na straitéisí a ghlac an Chomhairle nó an Coimisiún a liostaítear in Airteagal 22(2), pointe (b)(iii), de Rialachán (AE) […] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil atá ábhartha i réimse na slándála inmheánaí, ba cheart do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ina bpleananna náisiúnta freisin ar dhúshláin arna sainaithint ag an Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT), Measúnú an Aontais Eorpaigh ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe (EU-SOCTA) agus an Measúnú ar Bhagairt na Coireachta Eagraithe Idirlín (IOCTA)

arna fhoilsiú ag Europol.

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) ***Ní mór don Eoraip a leas*** slándála ***a chosaint*** ar sholáthróirí ***a d'fhéadfadh a bheith ina riosca leanúnach slándála mar gheall ar an gcur isteach a d'fhéadfadh a bheith ann ó thríú tíortha chomh maith lena gcleachtais*** chibearshlándála. ***Dá bhrí sin,*** is gá ***an riosca go bhfanfar spleách i gcónaí*** ar sholáthróirí ardriosca ***sa mhargadh inmheánach*** a laghdú***; toisc go*** bhféadfadh ***tionchair dhiúltacha thromchúiseacha a bheith acu ar an tslándáil d'úsáideoirí, do chuideachtaí agus d'údaráis ar fud an Aontais agus*** do bhonneagar criticiúil an Aontais ***i dtéarmaí sláine sonraí agus seirbhísí mar aon le hinfhaighteacht seirbhíse.*** Ba cheart ***an t-eisiamh*** sin a bheith bunaithe ar mheasúnú riosca comhréireach agus ***ar bhearta*** maolaithe ***gaolmhara a shainmhínítear i mbeartais*** agus ***i ndlíthe*** an Aontais.	(16) ***Chun a uathriail straitéiseach a neartú, ba cheart don Aontas acmhainneacht leordhóthanach a fhorbairt chun a theicneolaíochtaí*** slándála ***inmheánaí féin a dhearadh agus a chur in úsáid. Chuirfeadh sé sin ar chumas an Aontais cearta bunúsacha, cosaint sonraí agus coimircí an smachta reachta a leabú trí dhearadh, agus spleáchas ar chórais tríú tír nó*** ar sholáthróirí ***seachtracha a laghdú ag an am céanna, ar soláthraithe iad a bhféadfadh sé nach gcomhroinnfeadh siad caighdeáin dhlíthiúla, cleachtais*** chibearshlándála ***nó leasanna slándála an Aontais***. ***Trí acmhainneacht theicneolaíoch an Aontais a neartú, chuirfí feabhas freisin ar iontaofacht oibríochtúil agus athléimneacht na n-uirlisí slándála criticiúla, rud lena n-áiritheofaí a n-infhaighteacht agus a n-iontaofacht le linn tréimhsí teannais gheopholaitiúil. Sa chomhthéacs sin,*** is gá ***spleáchais leanúnacha*** ar sholáthróirí ardriosca a laghdú***, ar soláthróirí iad a*** bhféadfadh ***a neamhchosaint ar chur isteach ó thríú tíortha nó ar chleachtais chibearshlándála neamhleora a bheith ina rioscaí tromchúiseacha do shláine agus d'infhaighteacht sonraí agus seirbhísí, lena n-áirítear*** do bhonneagar criticiúil an Aontais***, d'údaráis phoiblí agus do ghnólachtaí.*** Ba cheart ***aon eisiamh nó srian ar sholáthróirí den sórt*** sin a bheith bunaithe ar mheasúnú riosca comhréireach agus ***ba cheart bearta*** maolaithe ***iomchuí a bheith ag gabháil leis i gcomhréir le dlí*** agus ***beartais*** an

Aontais.

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 18 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(18a) Chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí bhearta a bhaineann leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán seo a fhormheas, i gcás ina dtagann an Coimisiún ar an gconclúid go gcomhlíonann na bearta sin na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo agus i Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil, agus i gcás ina nglacann an Coimisiún gníomh tarmligthe lena bhformheastar Plean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí an Bhallstáit lena mbaineann i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 23 de Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean don Choimisiún. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht

Níos Fearr[1a]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

[1a] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj.

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) ciallaíonn 'bagairt hibrideach' gach gníomhaíocht dhíobhálach, lena n-áirítear ionramháil faisnéise, cibirionsaithe agus ionstraimiú imirceach, a phleanáiltear agus a dhéantar le hintinn mhailíseach ar bhealach comhordaithe agus é mar aidhm leis an bonn a bhaint ***de*** Bhallstát nó ***d'aon*** cheann dá institiúidí.	(9) ciallaíonn 'bagairt hibrideach' gach gníomhaíocht dhíobhálach, lena n-áirítear ionramháil faisnéise, ***sabaitéireacht,*** cibirionsaithe agus ionstraimiú imirceach ***agus modhanna eile cur isteach pholaitiúil agus brú eacnamaíoch***, a phleanáiltear agus a dhéantar le hintinn mhailíseach ar bhealach comhordaithe agus é mar aidhm leis an bonn a bhaint ***ó*** Bhallstát nó ***ó aon*** cheann dá institiúidí***, nó ón Aontas nó ó aon cheann dá institiúidí***.

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) cumais an Aontais agus na mBallstát a neartú i ndáil leis an gcoireacht	(a) cumais an Aontais agus na mBallstát a neartú i ndáil leis an gcoireacht

thromchúiseach agus eagraithe a chosc agus a chomhrac, ar líne agus as líne, lena n-áirítear an sceimhlitheoireacht, an t-antoisceachas foréigneach, an chibearchoireacht, mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí, agus bagairtí hibrideacha, agus i ndáil le saoránaigh agus spásanna poiblí a chosaint ar ionsaithe, lena n-áirítear trí mhodhanna nuálacha agus teicneolaíochtaí nua i réimse na slándála inmheánaí;	thromchúiseach agus eagraithe a chosc agus a chomhrac, ar líne agus as líne, lena n-áirítear ***an radacú agus*** an sceimhlitheoireacht, an t-antoisceachas foréigneach, an chibearchoireacht, mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí, agus bagairtí hibrideacha, agus i ndáil le saoránaigh agus spásanna poiblí a chosaint ar ionsaithe, lena n-áirítear trí mhodhanna nuálacha agus teicneolaíochtaí nua i réimse na slándála inmheánaí;
	Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) comhar oibríochtúil i bhforfheidhmiú an dlí a fheabhsú agus a threisiú, lena n-áirítear oibríochtaí comhpháirteacha, idir údaráis inniúla i ndáil leis an gcoireacht thromchúiseach agus eagraithe a chosc agus a chomhrac, ar líne agus as líne, lena n-áirítear an sceimhlitheoireacht, an t-antoisceachas foréigneach, an chibearchoireacht, mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí, bagairtí hibrideacha, agus i ndáil le saoránaigh agus spásanna poiblí a chosaint ar ionsaithe;	(d) comhar oibríochtúil i bhforfheidhmiú an dlí a fheabhsú agus a threisiú, lena n-áirítear oibríochtaí comhpháirteacha, idir údaráis inniúla i ndáil leis an gcoireacht thromchúiseach agus eagraithe a chosc agus a chomhrac, ar líne agus as líne, lena n-áirítear ***an radacú agus*** an sceimhlitheoireacht, an t-antoisceachas foréigneach, an chibearchoireacht, mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí, ***agus*** bagairtí hibrideacha, agus i ndáil le saoránaigh agus spásanna poiblí a chosaint ar ionsaithe;
	Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 1 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(da) tacaíocht, cosaint agus cúnamh a neartú d'íospartaigh na coireachta tromchúisí agus eagraithe, lena n-áirítear

rochtain ar údaráis ábhartha, ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí speisialaithe a áirithiú, agus aird ar leith á tabhairt ar íospartaigh leochaileacha;

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 3a
	Urraim do chearta bunúsacha
	Déanfar gach gníomhaíocht a dtacaítear léi i gcomhréir leis an tacaíocht ón Aontas faoin Rialachán seo a chur chun feidhme i gcomhréir leis na cearta agus prionsabail a chumhdaítear in acquis an Aontais agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais agus na mBallstát a eascraíonn as na hionstraimí idirnáisiúnta a bhfuil siad ina bpáirtithe iontu.

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Maidir le bearta a bhaineann leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán seo, i gcás ina dtagann an Coimisiún ar an gconclúid go gcomhlíonann na bearta sin na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo agus i Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um	4. Maidir le bearta a bhaineann leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán seo, i gcás ina dtagann an Coimisiún ar an gconclúid go gcomhlíonann na bearta sin na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo agus i Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um

iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil, agus i gcás ina ***molann*** an Coimisiún ***cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle*** lena bhformheastar Plean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí an Bhallstáit lena mbaineann i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 23 de Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil, ***déanfaidh an Coimisiún togra le haghaidh cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle maidir le formheas na mbeart*** sin.	iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil, agus i gcás ina ***nglacann*** an Coimisiún ***gníomh tarmligthe*** lena bhformheastar Plean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí an Bhallstáit lena mbaineann i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 23 de Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil, ***cumhachtaítear don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 4a chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na bearta*** sin ***a fhormheas***.
	Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Agus ***togra á dhéanamh le haghaidh cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle*** maidir leis na bearta a bhaineann leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán seo, leagfar síos sa ***togra ón gCoimisiún*** na gnéithe dá dtagraítear in Airteagal 23(4) de Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil, maidir leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3.	5. Agus ***gníomh tarmligthe á ghlacadh*** maidir leis na bearta a bhaineann leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán seo, leagfar síos sa ***ghníomh tarmligthe*** na gnéithe dá dtagraítear in Airteagal 23(4) de Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil, maidir leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3.
	Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Glacfaidh an ***Chomhairle*** an ***cinneadh cur chun feidhme*** dá dtagraítear ***in alt*** 4, de ghnáth, ***laistigh de 4 seachtaine tar éis ghlacadh an togra ón gCoimisiún agus*** in éineacht leis ***na cinntí cur chun feidhme*** dá dtagraítear in Airteagal 23, ***mír (1)*** [***togra ón gCoimisiún agus cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle***] de Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil.	6. Glacfaidh an ***Coimisiún*** an ***gníomh tarmligthe*** dá dtagraítear ***i mír*** 4 ***den Airteagal seo***, de ghnáth, in éineacht leis ***an ngníomh tarmligthe*** dá dtagraítear in Airteagal 23***(4)*** [***gníomh tarmligthe cumhachtúcháin i gcomhréir le hAirteagal [87]***] de Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil.

Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Airteagal 24 de Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil maidir le Pleananna a leasú, beidh feidhm ag an Airteagal sin, ar choinníoll nach gcumhdófar leis an togra ón gCoimisiún agus an ***Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle*** lena ***bhformheastar leasuithe ar*** na heilimintí a liostaítear in Airteagal 23(4) ach na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán seo.	7. Airteagal 24 de Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil maidir le Pleananna a leasú, beidh feidhm ag an Airteagal sin, ar choinníoll nach gcumhdófar leis an togra ón gCoimisiún agus an ***gníomh tarmligthe*** lena ***bhforlíontar*** na heilimintí a liostaítear in Airteagal 23(4) ***den Rialachán sin*** ach na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán seo.

Or. en

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 4a
	An tarmligean a fheidhmiú
	1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
	2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 4 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ó … [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].
	3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 4 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.
	4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
	5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
	6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 4 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a

thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Or. en

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

An 16 Iúil 2025, thíolaic an Coimisiún roinnt tograí reachtacha dmaidir leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil ('CAI') eile de chuid an Aontais, lena gcumhdaítear an tréimhse 2028-2034, an togra seo ina measc.

Faoin gcreat buiséadach nua atá beartaithe, ba cheart tacú le bearta an Aontais réimse an Cheartais agus Gnóthaí Baile le leithdháiltí iomlána atá le méadú faoi thrí (go EUR 81 bhilliún) i gcomparáid leis an gcreat atá ann faoi láthair. Tá an togra seo ar cheann de thrí thogra[1] chun teacht i gcomharbas ar na trí chiste atá ann cheana i réimse na ngnóthaí baile[2].

De réir an Choimisiúin, is é is aidhm d'ollstruchtúr nua CAI agus don bhuiséad an úsáid is fearr is féidir a bhaint as cistí an Aontais, agus comhleanúnachas agus faireachán éifeachtúil á gcaomhnú ag an am céanna. I bhfianaise an mhéid sin, tá na trí ionstraim nua gnóthaí baile le hailíniú leis na rialacha cothrománacha atá sa Rialachán atá beartaithe *lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil le haghaidh na tréimhse 2028-2034*,[3] trí na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí (Pleananna CNR), mar a thugtar orthu, a dhéanfaidh gach Ballstát a fhorbairt agus a chuirfear ar fáil do gach Ballstát. Is féidir an tacaíocht airgeadais chomhfhreagrach a chomhlánú leis na cistí a shanntar trí 'Saoráid de chuid an Aontais' le haghaidh ghníomhaíochtaí an Aontais, rud a mhéadaíonn solúbthacht agus ar féidir léi freastal ar ghéarchéimeanna gan choinne.

Ós rud é nach bhfuil na Ballstáit uile rannpháirteach a mhéid céanna i Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais an Aontais ('geoiméadracht athraitheach'), cuireadh na trí ionstraim gnóthaí baile síos taobh le Ciste CNR, seachas iad a ionchorprú ann. Tá tíortha comhlachaithe Schengen ceaptha a bheith rannpháirteach trí ranníocaíochtaí airgeadais arna gcomhaontú i socruithe déthaobhacha leis an Aontas.

Is cuid den iarracht sin é an *Togra seo le haghaidh Rialachán lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas don tslándáil inmheánach le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2034*. Foráiltear leis an togra ón gCoimisiún maidir le buiséad EUR 6,8 billiún don tréimhse 2028 go 2034. Leagtar síos ann freisin rialacha agus cuspóirí earnáilsonracha a thagann leis na rialacha

[1] I measc na n-ionstraimí eile i réimse na ngnóthaí baile don tréimhse 2028-2034, sa bhreis ar an togra seo, tá an Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas don tearmann, don imirce agus don lánpháirtiú don tréimhse ó 2028 go 2034 (2025/0540(COD)) agus an Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas do limistéar Schengen, don bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip agus don chomhbheartas víosaí don tréimhse ó 2028 go 2034 (2025/0541(COD))

[2] is é sin Rialachán (AE) 2021/1148 an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí: Limistéar Schengen, don bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip agus don chomhbheartas víosaí; Rialachán (AE) 2021/1147 an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF); Rialachán (AE) 2021/1149 an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Slándála Inmheánaí (CSI): an tslándáil inmheánach.

[3] Togra rialachán lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil le haghaidh na tréimhse 2028-2034 agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 agus Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 (2025/0240 (COD)) (togra le haghaidh Rialachán maidir le pleananna CNR)

cothrománacha ginearálta thuasluaite faoi Phleananna CNR.

Tacaíonn an Rapóirtéir le hollstruchtúr foriomlán CAI 2028-2024. Molann sí roinnt soiléirithe ar an Rialachán maidir leis an tSlándáil Inmheánach chun an ionstraim a ailíniú leis na dúshláin slándála inmheánaí is práinní san Eoraip agus chun grinnscrúdú cuí a cheadú ar úsáid chistí an Aontais.

Tacaíonn an Rapóirtéir leis na cuspóirí seo a leanas don rialachán atá beartaithe:

- cumais an Aontais agus na mBallstát a neartú i ndáil leis an gcoireacht thromchúiseach agus eagraithe a chosc agus a chomhrac, ar líne agus as líne, lena n-áirítear an radacú agus an sceimhlitheoireacht, an t-antoisceachas foréigneach, an chibearchoireacht, mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí, agus bagairtí hibrideacha, agus i ndáil le saoránaigh agus spásanna poiblí a chosaint ar ionsaithe, lena n-áirítear trí mhodhanna nuálacha agus teicneolaíochtaí nua i réimse na slándála inmheánaí;
- cumais na mBallstát a chothú trí athléimneacht eintiteas criticiúil i gcoinne gníomhartha naimhdeacha a fheabhsú, agus teagmhais, rioscaí agus géarchéimeanna a bhaineann leis an tslándáil a bhainistiú, agus trí chórais chumarsáide chriticiúla idir-inoibritheacha freisin;
- an malartú faisnéise idir údaráis inniúla agus comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais agus, i gcás inarb iomchuí, le tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus páirtithe príobháideacha, agus taobh istigh díobh, a fheabhsú agus a éascú;
- comhar oibríochtúil i bhforfheidhmiú an dlí a fheabhsú agus a threisiú, lena n-áirítear oibríochtaí comhpháirteacha, idir údaráis inniúla i ndáil leis an gcoireacht thromchúiseach agus eagraithe a chosc agus a chomhrac, ar líne agus as líne, lena n-áirítear an radacú agus an sceimhlitheoireacht, an t-antoisceachas foréigneach, an chibearchoireacht, mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí, bagairtí hibrideacha, agus i ndáil le saoránaigh agus spásanna poiblí a chosaint ar ionsaithe;
- tacaíocht, cosaint agus cúnamh a neartú d'íospartaigh na coireachta tromchúisí eagraithe, lena n-áirítear rochtain ar údaráis ábhartha, ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí speisialaithe a áirithiú, agus aird ar leith á tabhairt ar íospartaigh leochaileacha.

Ar deireadh, faoin togra le haghaidh rialachán maidir le pleananna CNR, féadfaidh na Ballstáit maolú ar na rialacha agus na ceanglais maidir le comhpháirtíocht agus rialachas il-leibhéil i réimse na ngnóthaí baile. Thairis sin, is féidir leo cistí a ath-leithdháileadh idir na trí ionstraim ar choinníoll go bhfónann an t-ath-leithdháileadh do gach ceann de na cuspóirí a shocraítear sna hionstraimí sin a bhaint amach agus go bhfuil an leithdháileadh comhréireach leis na dúshláin agus na riachtanais a sainaithníodh agus go gcomhlíonann sé na ceanglais ghinearálta maidir le pleananna CNR.